II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/576 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Samhain 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 chun Poblacht na hÚisbéiceastáine a chur san áireamh i measc na dtíortha is tairbhithe d'fhabhair tharaife faoi GSP+

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 10(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 critéir incháilitheachta shonracha maidir le fabhair tharaife faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas ("GSP+") a dheonú do thír iarrthach. Chun na críche sin, ba cheart a mheas gur tír leochaileach í. Ba cheart don tír na coinbhinsiúin ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn VIII de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a bheith daingnithe aici agus níor cheart go sainaithneofaí sna conclúidí is déanaí atá ar fáil ó na comhlachtaí ábhartha faireacháin mainneachtain thromchúiseach i gcur chun feidhme éifeachtach aon cheann de na coinbhinsiúin sin. I dtaca le haon ceann de na coinbhinsiúin ábhartha, níor cheart don tír forchoimeádas a leagan amach a thoirmisctear leis an gcoinbhinsiúin nó, chun críocha Airteagail 9 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, agus chun na críocha sin amháin, a mheastar gan a bheith comhoiriúnach le haidhm agus cuspóir an choinbhinsiúin sin. Ba cheart don tír na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann gach coinbhinsiún a ghlacadh gan fhorchoimeádas agus ba cheart di na gealltanais cheangailteacha a thabhairt dá dtagraítear i bpointí (d), (e), agus (f) d'Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012.

(2) Ní mór do thír is tairbhí de GSP ar mian léi tairbhe a bhaint as GSP+ iarraidh a chur isteach in éineacht le faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha, a forchoimeádais agus na hagóidí i gcoinne na bhforchoimeádas sin arna ndéanamh ag páirtithe eile sa choinbhinsiúin, agus a gealltanais cheangailteacha.

(3) An 9 Meitheamh 2020, fuair an Coimisiún iarraidh GSP+ ó Poblacht na hÚisbéiceastáine.

(4) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarraidh agus tá sé suite aige go gcomhlíonann Poblacht na hÚisbéiceastáine na critéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012. Dá bhrí sin, ba cheart GSP+ a dheonú do Poblacht na hÚisbéiceastáine agus ba cheart Iarscríbhinn III do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a leasú dá réir sin.

(5) Coimeádfaidh an Coimisiún faoi bhreithniú stádas dhaingniú na gcoinbhinsiún ábhartha agus a gcur chun feidhme éifeachtach ag Poblacht na hÚisbéiceastáine, chomh maith le hobair Phoblacht na hÚisbéiceastáine i gcomhar leis na comhlachtaí faireacháin ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012,

([1]) IO L 303, 31.10.2012, lch. 1.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn III do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, cuirtear an tír seo a leanas agus an cód aibítreach comhfhreagrach le colúin A agus B, faoi seach:

"UZ	Poblacht na hÚisbéiceastáine"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Samhain 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN